AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 22.10.2018
COM(2018) 719 final

2018/0371 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, maidir le hathghealladh a dhéanamh ar a bhfuil fágtha de na méideanna a gealladh chun tacú le cur chun feidhme Threoir (AE) 2015/1523 ón gComhairle agus Threoir (AE) 2015/1601 ón gComhairle nó maidir le leithdháileadh na méideanna sin ar ghníomhaíochtaí eile faoi na cláir náisiúnta**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Chun tacú le cur chun feidhme na gCinntí ón gComhairle lena mbunaítear bearta sealadacha i réimse na cosanta idirnáisiúnta ar mhaithe leis an Iodáil agus leis an nGréig[1] agus le cur chun feidhme an Chinnidh ón gComhairle maidir le cead isteach dleathach ón Tuirc[2], gealladh cistiú do chláir náisiúnta na mBallstát faoin gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (CTIL). Leis an dá Chinneadh ón gComhairle[3], bhíothas in ann 34,705 iarratasóir i ngátar cosanta idirnáisiúnta a athshuíomh go héifeachtach ón nGréig agus ón Iodáil agus 5,345 dhuine i ngátar cosanta idirnáisiúnta a ligean isteach go dleathach ón Tuirc. Tá deireadh tagtha anois le tréimhse agus le hinfheidhmeacht na gcinntí sin.

As an €843 mhilliún a gealladh le linn 2016 do chláir náisiúnta na mBallstát faoi CTIL, tá tuairim is €567 milliún de fós ar fáil. De réir riail an tsaortha a leagtar amach sa Rialachán lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht[4], ba cheart na híocaíochtaí a bhaineann leis na gealltanais sin a bheith déanta faoi dheireadh 2018, agus, ina dhiaidh sin, ní bheidh an cistiú ar fáil a thuilleadh do na Ballstáit lena úsáid faoi chláir náisiúnta an Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht.

I bhfianaise an phlé a rinneadh le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle le linn 2018, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún leasuithe teicniúla a dhéanamh ar Airteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 516/2014[5] le go mbeidh na Ballstáit in ann úsáid a bhaint as a bhfuil fágtha de na cistí a gealladh chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí an Aontais i réimse na himirce, lena n-áirítear athshuíomh a dhéanamh nuair a bheidh tréimhse na gCinntí ón gComhairle thart. Leis an togra, mhéadófaí an spriocghrúpa a bheadh incháilithe d’athshuíomh faoin CTIL reatha, is iad sin tairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, chun go mbeadh aistriú iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta san áireamh chomh maith (mar a bhí amhlaidh sna Cinntí thuasluaite ón gComhairle).

Leis an leasú sin, beidh na Ballstáit in ann leanúint de dhlúthpháirtíocht a léiriú agus iad ag cur cinntí aistrithe chun feidhme dáiríre. Ina theannta sin, leis an togra seo, thabharfaí deis do na Ballstáit an cistiú sin a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí eile a shainítear sa Rialachán maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, sa bhreis ar athshuíomh agus athlonnú, nuair atá sin cuí-réasúnaithe sna cláir náisiúnta, ar gá iad a athbhreithniú chun na críche sin[6]. San athbhreithniú meántéarma ar an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, dearbhaíodh go bhfuil sraith mhór riachtanas éagsúil ag na Ballstáit i réimsí an tearmainn, na lánpháirtíochta agus an fhillte.

---

[1] Cinneadh (AE) 2015/1523 ón gComhairle agus Cinneadh (AE) 2015/1601 ón gComhairle

[2] Cinneadh (AE) 2016/1754 ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (AE) 2015/1601 ón gComhairle

[3] Cinneadh (AE) 2015/1523 ón gComhairle agus Cinneadh (AE) 2015/1601 ón gComhairle

[4] Airteagal 50 de Rialachán (AE) Uimh. 514/2014.

[5] Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, lena leasaítear Cinneadh 2008/381/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 573/2007/CE agus Cinneadh Uimh. 575/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2007/435/CE ón gComhairle (IO L 150, lch. 168).

[6] D’fhéadfaí a áireamh ar na gníomhaíochtaí ábhartha eile príomhthosaíochtaí an Aontais i réimse na himirce agus an tearmainn, amhail córais tearmainn na mBallstát a neartú, dlús a chur le hiarrachtaí lánpháirtíochta, méadú ar an bhfilleadh, na bealaí dleathacha chuig an Aontas a fheabhsú sa dóigh go nglacfaidh siad áit na mbealaí neamhshábháilte neamhrialta agus an comhar le tríú tíortha sna réimsí sin a neartú.

Leis an togra, beidh na Ballstáit in ann méideanna a athghealladh nó a aistriú laistigh de chláir náisiúnta, trí athbhreithnithe a dhéanamh ar an gclár náisiúnta. Chomh maith leis sin, leis an togra seo, cuirtear síneadh sé mhí ar a mhéid leis an spriocdháta do shaoradh a bhfuil fágtha de na méideanna a gealladh chun tacú le cur chun feidhme Chinneadh (AE) 2015/1523 ón gComhairle agus Chinneadh (AE) 2015/1601 ón gComhairle, d'fhonn a áirithiú go mbeidh am leordhóthanach ag na Ballstáit na cláir náisiúnta a athbhreithniú chun na hathruithe a bhaineann le hathghealladh féideartha agus le haistriú cistithe a dhéanamh. Chuige sin, tá sé beartaithe maolú ar Airteagal 50 de Rialachán (AE) Uimh. 514/2014[7]. Thairis sin, sa togra seo, tá foráil lena gcuirtear síneadh dhá bhliain bhreise, tar éis don Choimisiún na hathbhreithnithe ar na cláir náisiúnta a fhormheas, leis an spriocdháta d'úsáid an chistithe lena mbaineann a úsáid, chun am leordhóthanach a thabhairt do na Ballstáit na gníomhaíochtaí dá n-athgheallfar nó chuig a n-aistreofar an cistiú a chur chun feidhme.

Chun go mbeidh na méideanna a gealladh chun tacú le cur chun feidhme Chinneadh (AE) 2015/1523 ón gComhairle agus Chinneadh (AE) 2015/1601 ón gComhairle fós ar fáil i gcláir náisiúnta na mBallstát chun tacú le hathshuíomh agus le tosaíochtaí eile an Aontais i réimse na himirce agus an tearmainn, agus chun nach saorfar iad, tá sé riachtanach go nglacfar na leasuithe teicniúla atá beartaithe ar Airteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 agus go dtiocfaidh siad i bhfeidhm roimh dheireadh 2018.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra seo comhsheasmhach le príomhthosaíochtaí an Aontais i réimsí na himirce agus an tearmainn toisc go gcuirtear ar chumas na mBallstát leanúint dá bhfuil fágtha de na méideanna a gealladh chun tacú le cur chun feidhme Chinneadh (AE) 2015/1523 ón gComhairle agus Chinneadh (AE) 2015/1601 ón gComhairle a úsáid le haghaidh thosaíochtaí an Aontais i réimsí na himirce agus an tearmainn, trína gcláir náisiúnta.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an leasú teicniúil atá beartaithe comhsheasmhach le tograí agus le tionscnaimh eile a ghlac an Coimisiún Eorpach. Is uirlis thábhachtach é an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht maidir le gníomhaíochtaí an Aontais i réimsí na dteorainneacha agus na slándála a chomhlánú, go háirithe trí chistiú a sholáthar chun tacú le teophointí a chur ar bun agus a reáchtáil. Go sonrach, léiríodh go bhfuil an tacaíocht chomhordaithe ón gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht agus ón gCiste um Shlándáil Inmheánach ríthábhachtach chun láimhseáil réidh cásanna sna teophointí a áirithiú, lena n-áirítear sannadh na gcásanna sin chuig na nósanna imeachta iomchuí. In éineacht agus i gcomhar le Ciste Sóisialta na hEorpa, tugadh tacaíocht chun cabhrú le náisiúnaigh tríú tír a lánpháirtiú, agus comhlánaíodh obair ionstraimí cistiúcháin seachtracha an Aontais i dtaca le cur chun feidhme bheartais an Aontais maidir leis an imirce sheachtrach. Leis an leasú atá beartaithe ar an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, féadfar tuilleadh tacaíochta a thabhairt do ghníomhaíochtaí sna réimsí sin.

[7] Rialachán (AE) Uimh. 514/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht agus maidir leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do chomhar póilíneachta, don choireacht a chosc agus a chomhrac, agus do bhainistíocht géarchéime (IO L 150, lch. 112).

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Leasaítear leis an togra seo Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 agus tá an togra bunaithe ar Airteagal 78(2) agus Airteagal 79(2) agus (4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh lena dtugtar cumhacht don Aontas gníomhaíochtaí a dhéanamh sna réimsí seo a leanas: an tearmann, an inimirce, bainistiú sreafaí imirce, déileáil chóir le náisiúnaigh tríú tír atá ina gcónaí go dleathach sna Ballstáit, an inimirce neamhdhleathach agus an gháinneáil ar dhaoine a chomhrac, lena n-áirítear tríd an gcomhar le tríú tíortha.

Tá na hAirteagail sin ina mbunúis dlí chomhoiriúnacha i bhfianaise sheasamh na Ríochta Aontaithe, na hÉireann agus na Danmhairge maidir leis na réimsí a chumhdaíonn siad, agus, dá réir sin, foráiltear leo maidir le rialacha vótála comhoiriúnacha sa Chomhairle. Tá feidhm ag an ngnáthnós imeachta reachtach maidir le gach ceann díobh.

- **Coimhdeacht**

Comhlíonann an togra seo prionsabal na coimhdeachta. Trína chur ar chumas na mBallstát leanúint dá bhfuil fágtha de na méideanna a gealladh chun tacú le cur chun feidhme Chinneadh (AE) 2015/1523 ón gComhairle agus Chinneadh (AE) 2015/1601 ón gComhairle a úsáid le haghaidh athshuíomh, agus, i gcúinsí cuí-réasúnaithe, le haghaidh gníomhaíochtaí eile laistigh dá gcláir náisiúnta, beidh breisluach níos airde ann ar leibhéal an Aontais ná mar a bheadh dá ngníomhódh na Ballstáit ina n-aonar.

- **Comhréireacht**

Ní théann an togra thar na coigeartuithe teicniúla is gá a dhéanamh.

- **An rogha ionstraime**

An ionstraim atá beartaithe: leasú ar an Rialachán atá ann faoi láthair.

I bhfianaise an chreata dhlíthiúil, is gá leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 a mholadh agus is gá maolú ar Rialachán (AE) Uimh. 514/2014.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chuathas i mbun comhairliúcháin neamhfhoirmiúla leis an gCoiste ábhartha ó Pharlaimint na hEorpa agus leis an meitheal ábhartha ón gComhairle. Is léir ó na comhairliúcháin sin go bhfuil comhdhearcadh ann maidir leis an ngá leis na coigeartuithe teicniúla a leagtar amach sa togra seo.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Is é is cuspóir don leasú teicniúil atá beartaithe a áirithiú go mbeidh na méideanna a gealladh in 2016 chun tacú le cur chun feidhme Chinneadh (AE) 2015/1523 ón gComhairle agus Chinneadh (AE) 2015/1601 ón gComhairle fós ar fáil do na Ballstáit ina gcláir náisiúnta chun athshuíomh a mhaoiniú, agus, má tá sé cuí-réasúnaithe i gcreat athbhreithnithe ar an gclár náisiúnta, gníomhaíochtaí eile i réimsí na himirce agus an tearmainn a mhaoiniú. Dá bhrí sin, níl aon ghá le cistiú breise ó bhuiséad an Aontais chun na leasuithe atá beartaithe ar Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 a chur chun feidhme.

## 5. EILIMINTÍ EILE

**• Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Níl aon iarmhairt ag an togra seo do na socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe atá ann cheana sa Rialachán maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, a mbeidh feidhm aige fós.

**• Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Is é an chéad chuspóir leis an togra seo go mbeifear in ann a bhfuil fágtha de na méideanna a gealladh faoin gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht chun tacú le cur chun feidhme Chinneadh (AE) 2015/1523 ón gComhairle agus Chinneadh (AE) 2015/1601 ón gComhairle a úsáid chun tosaíochtaí an Aontais i réimsí na himirce agus an tearmainn, lena n-áirítear athshuíomh, a chur chun cinn. D'fhéadfaí sin a dhéanamh ar feadh tréimhse bhreise dhá bhliain tar éis don Choimisiún na cláir náisiúnta a athbhreithniú, agus, freisin, leis sin, bheifí in ann na cistí sin a úsáid chun críocha eile seachas athshuíomh, trí athbhreithniú a dhéanamh ar chláir náisiúnta na mBallstát. Ag an am céanna, leathnófaí scóip an spriocghrúpa de dhaoine a bheadh incháilithe d'athshuíomh chun tuilleadh solúbthachta a sholáthar do na Ballstáit maidir le bearta dlúthpháirtíochta a chur chun feidhme.

Dá bhrí sin, leasaítear leis an togra Airteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 trí na focail "iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta nó" a chur isteach roimh na focail "tairbhí de chuid na cosanta idirnáisiúnta".

Ar an dara dul síos, leasaítear leis an togra Airteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 trína cheadú gur féidir na méideanna a gealladh chun tacú le cur chun feidhme Chinneadh (AE) 2015/1523 ón gComhairle agus Chinneadh (AE) 2015/1601 ón gComhairle a athghealladh lena n-úsáid le haghaidh athshuíomh nó a aistriú chuig gníomhaíochtaí eile a shainítear sa Rialachán maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht agus bunaithe ar riachtanais na mBallstát. Ba cheart sin a bheith cuí-réasúnaithe in athbhreithniú ar an gclár náisiúnta, atá le formheas ag an gCoimisiún. Níor cheart aistriú nó athghealladh den sórt sin a dhéanamh ach aon uair amháin, i bhfianaise phrionsabal na bainistíochta fónta airgeadais agus na hurraime do riail an tsaortha mar a leagtar amach in Airteagal 50 de Rialachán (AE) Uimh. 514/2014.

Ar an tríú dul síos, leis an togra seo, cuirtear isteach in Airteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 foráil lena n-athbhreithnítear riail an tsaortha a leagtar amach in Airteagal 50 de Rialachán (AE) Uimh. 514/2014 ionas go mbeifear in ann a bhfuil fágtha de na méideanna a gealladh chun tacú le cur chun feidhme Chinneadh (AE) 2015/1523 ón gComhairle agus Chinneadh (AE) 2015/1601 ón gComhairle a úsáid ar feadh tréimhse bhreise dhá bhliain. Chun na críche sin, luaitear san fhoráil atá beartaithe go measfar gur gealladh na méideanna lena mbaineann sa bhliain ina ndéanfar an t-athbhreithniú ar an gclár náisiúnta lena bhformheasfar athghealladh na méideanna sin nó aistriú na méideanna sin chuig gníomhaíochtaí eile sa chlár náisiúnta.

Ar deireadh, leis an togra seo, cuirtear síneadh sé mhí leis an spriocdháta maidir le méideanna a shaoradh go huathoibríoch. Tá maolú san fhoráil seo ar an gcéad mhír d'Airteagal 50 de Rialachán (AE) Uimh. 514/2014 agus tá gá leis an bhforáil chun go mbeidh na Ballstáit agus an Coimisiún in ann an nós imeachta maidir leis an athbhreithniú ar na cláir náisiúnta a chur i gcrích, dá dtagraítear in Airteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 514/2014.

2018/0371 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, maidir le hathghealladh a dhéanamh ar a bhfuil fágtha de na méideanna a gealladh chun tacú le cur chun feidhme Threoir (AE) 2015/1523 ón gComhairle agus Threoir (AE) 2015/1601 ón gComhairle nó maidir le leithdháileadh na méideanna sin ar ghníomhaíochtaí eile faoi na cláir náisiúnta**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 78(2) agus Airteagal 79(2) agus (4) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Is é is cuspóir don Rialachán seo a chur ar a gcumas do na Ballstáit athghealladh a dhéanamh ar a bhfuil fágtha de na méideanna a gealladh chun tacú le cur chun feidhme Threoir (AE) 2015/1523 ón gComhairle agus Threoir (AE) 2015/1601 ón gComhairle dá bhforáiltear faoi Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8], nó na méideanna sin a leithdháileadh ar ghníomhaíochtaí eile faoi na cláir náisiúnta i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais agus riachtanais na mBallstát i réimsí na himirce agus an tearmainn.

(2) Gheall an Coimisiún cistiú do chláir náisiúnta na mBallstát faoin gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht chun tacú le cur chun feidhme Chinneadh (AE) 2015/1523 ón gComhairle[9] agus Chinneadh (AE) 2015/1601 ón gComhairle[10]. Leasaíodh Cinneadh (AE) 2015/1601 le Cinneadh (AE) 2016/1754 ón gComhairle[11]. Níl feidhm ag na Cinntí sin a thuilleadh.

(3) Tá cuid den chistiú arna leithdháileadh faoi Chinneadh (AE) 2015/1523 agus faoi Chinneadh (AE) 2015/1601 in 2016 le fáil go fóill i gcláir náisiúnta na mBallstát.

[8] Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, lena leasaítear Cinneadh 2008/381/CE ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Cinneadh Uimh. 573/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 575/2007/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2007/435/CE ón gComhairle (IO L 150, 20.5.2014, lch. 168).

[9] Cinneadh (AE) 2015/1523 ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2015 lena mbunaítear bearta sealadacha i réimse na cosanta idirnáisiúnta chun tairbhe na hIodáile agus na Gréige (IO L 239, 15.9.2015, lch. 146).

[10] Cinneadh (AE) 2015/1601 ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2015 lena mbunaítear bearta sealadacha i réimse na cosanta idirnáisiúnta chun tairbhe na hIodáile agus na Gréige (IO L 248, 24.9.2015, lch. 80).

[11] Cinneadh (AE) 2016/1754 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2016 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2015/1601 lena mbunaítear bearta sealadacha i réimse na cosanta idirnáisiúnta chun tairbhe na hIodáile agus na Gréige (IO L 268, 1.10.2016, lch. 82).

(4) Ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit na méideanna thuasluaite a úsáid chun leanúint d'athshuíomh a chur chun feidhme trí na méideanna a athghealladh don ghníomhaíocht chéanna sna cláir náisiúnta. Ina theannta sin, ba cheart an deis a bheith ann, i gcás ina bhfuil údar cuí leis agus cláir náisiúnta na mBallstát á n-athbhreithniú, an cistiú sin a úsáid freisin chun dul i ngleic le dúshláin eile i réimse na himirce agus an tearmainn, i gcomhréir leis an Rialachán maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht. Tá riachtanais shuntasacha ag na Ballstáit sna réimsí sin go fóill. Níor cheart é a bheith indéanta na méideanna thuasluaite a athghealladh don ghníomhaíocht chéanna, ná a aistriú chuig gníomhaíochtaí eile faoin gclár náisiúnta ach aon uair amháin agus le formheas an Choimisiúin.

(5) Ba cheart an spriocghrúpa atá incháilithe d'athshuíomh a leathnú chun níos mó solúbthachta a thabhairt do na Ballstáit agus athshuíomh á dhéanamh acu.

(6) Ba cheart leordhóthain ama a bheith ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún na cláir náisiúnta a athbhreithniú chun freastal ar na hathruithe ábhartha dá bhforáiltear leis an Rialachán seo. Dá bhrí sin, ba cheart maolú ar Airteagal 50(1) de Rialachán (AE) Uimh. 514/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12] a chur i bhfeidhm maidir lena bhfuil fágtha de na méideanna a gealladh, chun tacú le cur chun feidhme Chinneadh (AE) 2015/1523 ón gComhairle agus Chinneadh (AE) 2015/1601 ón gComhairle lena gcuirtear síneadh sé mhí leis an spriocdháta don saoradh d'fhonn an nós imeachta a bhaineann le hathbhreithniú na gclár náisiúnta a chur i gcrích, dá dtagraítear in Airteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 514/2014.

(7) Ba cheart leordhóthain ama a bheith ag na Ballstáit freisin chun úsáid a bhaint as na méideanna a athghealladh don ghníomhaíocht chéanna nó a aistríodh chuig gníomhaíochtaí eile roimh shaoradh na méideanna sin. Dá bhrí sin, nuair a fhormheasann an Coimisiún athghealladh nó aistriú na méideanna sin faoin gclár náisiúnta, ba cheart a mheas gur gealladh na méideanna lena mbaineann i mbliain athbhreithniú an chláir náisiúnta lena bhformheastar an t-athghealladh nó an t-aistriú lena mbaineann.

(8) Ní dhéantar difear don chistiú atá ar fáil faoi Airteagal 17 de Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 leis an Rialachán leasaitheach seo.

(9) [I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag an dá Bhallstát sin gur mian leo a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.]

*NÓ*

(10) [I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl an dá Bhallstát sin rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl siad faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.]

*NÓ*

[12] Rialachán (AE) Uimh. 514/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena leagtar síos na forálacha ginearálta maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht agus maidir leis an ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais do chomhar póilíneachta, don choireacht a chosc agus a chomhrac, agus do bhainistíocht géarchéime (IO L 150, 20.5.2014, lch. 112).

(10) [I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl an Ríocht Aontaithe rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(10a) I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag Éirinn (, le litir an …,) gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.]

*NÓ*

(10) [I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag an Ríocht Aontaithe (, le litir an …,) gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(10a) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.]

(11) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 den Phrótacal (Uimh. 22) maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(12) I bhfianaise an ghá atá lena áirithiú nach ndéanfar saoradh ar a bhfuil fágtha den chistiú a gealladh chun tacú le cur chun feidhme Chinneadh (AE) 2015/1523 agus Chinneadh (AE) 2015/1601, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe san Iris Oifigiúil.

(13) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 516/2014 a leasú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Airteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 516/2014**

Leasaítear Airteagal 18 mar a leanas:

'Airteagal 18

(1) I mír 1, cuirtear "iarrthóir ar chosaint idirnáisiúnta nó tairbhí de chosaint idirnáisiúnta" in ionad "tairbhí de chuid na cosanta idirnáisiúnta";

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

"3. Déanfar na méideanna breise dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a leithdháileadh ar na Ballstáit den chéad uair sna cinntí maoiniúcháin aonair lena bhformheastar a gclár náisiúnta i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 514/2014 agus ina dhiaidh sin i gcinneadh maoiniúcháin a bheidh i gceangal leis an gcinneadh lena bhformheastar a gclár náisiúnta. Beifear in ann na méideanna sin a athghealladh don ghníomhaíocht chéanna faoin gclár náisiúnta nó na méideanna sin a aistriú chuig gníomhaíochtaí eile faoin gclár náisiúnta i gcás ina bhfuil údar cuí leis agus an clár náisiúnta lena mbaineann á athbhreithniú. Ní fhéadfar aon mhéid a athghealladh ná a aistriú ach aon uair amháin. Formheasfaidh an Coimisiún an t-athghealladh nó an t-aistriú trí athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár náisiúnta.";

(3) Cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

"3a. Chun críche Airteagal 50(1) de Rialachán (AE) Uimh. 514/2014, i gcás ina ndéantar méideanna a eascraíonn as na bearta sealadacha a bhunaítear le Cinneadh (AE) Uimh. 2015/1523 agus Cinneadh (AE) Uimh. 2015/1601 a athghealladh don ghníomhaíocht chéanna faoin gclár náisiúnta nó a aistriú chuig gníomhaíochtaí eile faoin gclár náisiúnta i gcomhréir le mír 3, measfar go ndearnadh na méideanna lena mbaineann a ghealladh i mbliain athbhreithniú an chláir náisiúnta lena bhformheastar an t-athghealladh nó an t-aistriú atá i gceist.

3b. De mhaolú ar Airteagal 50(1) de Rialachán (AE) Uimh. 514/2014, cuirfear síneadh sé mhí leis an spriocdháta chun na méideanna dá dtagraítear i mír 3a a shaoradh.";

(4) I mír 4, cuirtear "iarrthóirí ar chosaint idirnáisiúnta nó thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta" in ionad "thairbhithe na cosanta idirnáisiúnta".

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |